2025/400 27.2.2025

# CINNEADH Ó BHUANCHOISTE NA STÁT CSTE Uimh. 6/2024/SC

## an 24 Deireadh Fómhair 2024

## maidir le hathshocrú an mhaoláin um riosca sistéamach de bhun Airteagal 133 agus maidir leis an bhfógra ón Iorua faoi athshocrú an mhaoláin O-SII de bhun Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, arna hionchorprú i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 79/2019 ón gComhchoiste agus na leasuithe a rinneadh air ó shin [2025/400]

TÁ BUANCHOISTE NA STÁT CSTE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe pointe 14 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis,

Ag féachaint don Tuairim ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, ([1])

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 131(6), pointe (b), de Threoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil), ní mór d'údaráis inniúla nó d'údaráis ainmnithe athbhreithniú a dhéanamh uair sa bhliain ar a laghad ar na rátaí maolánacha a n-éilíonn siad ar na hinstitiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo ('O-SIInna') iad a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, de réir mhír 12, an dara fomhír, den Airteagal sin, ní mór d'údaráis inniúla nó d'údaráis ainmnithe athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar shainaithint na O-SIInna a bhforchuirtear ráta maolánach den sórt sin orthu. De réir Airteagal 131(7) den Treoir sin, arna hionchorprú i gComhaontú LEE, ní mór d'údaráis inniúla nó d'údaráis ainmnithe fógra a thabhairt don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach ('BERS') sula ndéanfar ráta maolánach a shocrú nó a athshocrú maidir le O-SIInna, agus tá BERS leis na fógraí sin a chur ar aghaidh gan mhoill chuig Buanchoiste na Stát CSTE, chuig an Údarás Baincéireachta Eorpach agus chuig údaráis inniúla agus údaráis ainmnithe na bPáirtithe Conarthacha de chuid LEE lena mbaineann.

(2) De réir Airteagal 131(15) den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil, i gcomhar le mír 5a, an tríú fomhír, den Airteagal sin, bearta macrastuamachta i Stát CSTE LEE a d'fhágfadh go mbeadh an ráta maolánach um riosca sistéamach agus an ráta maolánach O-SII, agus iad comhcheangailte, níos mó ná 5 % den mhéid ábhartha neamhchosanta ar riosca i gcás institiúid chreidmheasa ar leith agus sraith nó foshraith neamhchosaintí ar leith, is bearta iad sin a chaithfidh a bheith údaraithe ag Buanchoiste na Stát CSTE. De réir na nAirteagal céanna den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil, tá BERS le tuairim a chur faoi bhráid Bhuanchoiste na Stát CSTE, laistigh de 6 seachtaine tar éis fógra dá dtagraítear in Airteagal 131(7) den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil a fháil, maidir le cé acu is ráta iomchuí atá sa ráta maolánach um riosca sistéamach agus sa ráta maolánach O-SII agus iad comhcheangailte, nó nach ea.

(3) An 5 Samhain 2020, thug Aireacht Airgeadais na hIorua fógra do BERS, faoi Airteagal 133(11) de Threoir 2013/36/AE de réir mar ab infheidhme maidir leis an Iorua agus san Iorua féin an 1 Eanáir 2020 ([2]), go raibh rún aici ráta maolánach 4,5 % um riosca sistéamach a shocrú, ráta a bheadh infheidhme maidir le gach institiúid chreidmheasa údaraithe san Iorua. An 4 Nollaig 2020, ghlac BERS Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 4 Nollaig 2020 maidir leis an bhfógra ón Iorua go bhfuil rún aici ráta maolánach um riosca sistéamach a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir (AE) 2013/36/AE (BERS/2020/14), ar moladh é inar mhol sé gur cheart a mheas go bhfuil bonn cirt leis an ráta maolánach um riosca shistéamach atá beartaithe a chur i bhfeidhm san Iorua, agus go bhfuil sé oiriúnach, comhréireach, éifeachtach agus éifeachtúil i ndáil leis an riosca a bhfuil Aireacht Airgeadais na hIorua ag díriú air. An 4 Nollaig 2020, ghlac Buanchoiste na Stát CSTE Moladh Uimh. 1/2020/SC ó Bhuanchoiste na Stát CSTE nár mhol sé aon athrú ann ar an mbeart faoinar tugadh fógra, agus an moladh thuasluaite ó BERS á chur san áireamh.

([1]) Tuairim ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 7 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis na fógraí ón Iorua faoi athshocrú an mhaoláin um riosca sistéamach de bhun Airteagal 133 agus faoi athshocrú an mhaoláin O-SII de bhun Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (BERS/2024/6).

([2]) Sular ionchorpraíodh i gComhaontú LEE, le Cinneadh Uimh. 383/2021 ón gComhchoiste, Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil.

(4) An 30 Meán Fómhair 2022 chuir Aireacht Airgeadais na hIorua fógra chuig BERS maidir lena rún é a chur de cheangal ar thrí institiúid maolán O-SII a choinneáil ar bun arbh é a bheadh ann caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1, i gcomhréir le hAirteagal 131 den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil. An 15 Samhain 2022, chuir BERS Tuairim faoi bhráid Bhuanchoiste na Stát CSTE inar cinneadh gur leibhéal éifeachtach comhréireach, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh, ba ea leibhéal na maolán O-SII i bhfochair an ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach. An 16 Nollaig 2022, agus an Tuairim thuasluaite ó BERS á cur san áireamh aige, ghlac Buanchoiste na Stát CSTE Cinneadh Uimh. 2/2022/SC ó Bhuanchoiste na Stát CSTE, lenar údaraíodh Aireacht Airgeadais na hIorua rátaí maolánacha O-SII a chur chun feidhme i gcás trí institiúid chreidmheasa, ar rátaí iad a d'fhágfadh gur mhó ná 5 % den mhéid ábhartha neamhchosanta ar riosca a bheadh i gceist leis an ráta maolánach um riosca sistéamach agus an ráta maolánach O-SII agus iad comhcheangailte, ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ón 16 Nollaig 2022 ar aghaidh.

(5) An 26 Meitheamh 2023, thug Aireacht Airgeadais na hIorua fógra do BERS maidir lena rún é a chur de cheangal ar cheithre institiúid maolán O-SII a choinneáil ar bun arbh é a bheadh ann caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1, i gcomhréir le hAirteagal 131 den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil. Chuir BERS Tuairim faoi bhráid Bhuanchoiste na Stát CSTE an 3 Lúnasa 2023 inar cinneadh gur leibhéal éifeachtach comhréireach, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh, ba ea leibhéal na maolán O-SII i bhfochair an ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach go fóill. An 21 Meán Fómhair 2023, agus an Tuairim thuasluaite ó BERS á cur san áireamh aige, ghlac Buanchoiste na Stát CSTE Cinneadh Uimh. 3/2023/SC ó Bhuanchoiste na Stát CSTE, lenar údaraíodh Aireacht Airgeadais na hIorua le rátaí maolánacha O-SII a chur chun feidhme i gcás trí institiúid chreidmheasa, ar rátaí iad a d'fhágfadh gur mhó ná 5% den mhéid ábhartha neamhchosanta ar riosca a bheadh i gceist leis an ráta maolánach um riosca sistéamach agus an ráta maolánach O-SII agus iad comhcheangailte, ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ón 21 Meán Fómhair 2023 ar aghaidh.

(6) An 29 Lúnasa 2024, sheol Aireacht Airgeadais na hIorua fógra foirmiúil chuig BERS maidir lena rún cloí leis an ráta 4.5 % a bhí ann an tráth sin agus an ráta maolánach reatha um riosca sistéamach á athshocrú. An dáta céanna, thug Aireacht Airgeadais na hIorua fógra foirmiúil do BERS maidir lena rún é a chur de cheangal ar cheithre institiúid maolán O-SII a choinneáil ar bun arbh é a bheadh ann caipiteal Gnáthchothromais Leibhéal 1, i gcomhréir le hAirteagal 131 den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil. D'admhaigh Rúnaíocht BERS go bhfuarthas an fógra an 30 Lúnasa 2024 agus chuir sí ar aghaidh é chuig Buanchoiste na Stát CSTE an lá céanna, i gcomhréir le hAirteagal 131(5a) den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil.

(7) An maolán O-SII faoinar tugadh fógra, beidh feidhm aige maidir le ceithre institiúid chreidmheasa intíre, agus ceann díobh sin, is fochuideachta í a bhfuil a máthaireintiteas bunaithe i dtír eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Beidh dhá cheann de na hinstitiúidí creidmheasa sin faoi réir maolán O-SII 1 % agus beidh ceann amháin díobh faoi réir maolán 2 %.

(8) Tá na hinstitiúidí creidmheasa sin aitheanta ag Aireacht Airgeadais na hIorua mar O-SIInna de bhun na gcritéar seo a leanas: (i) an sciar d'olltáirgeacht intíre (OTI) na hIorua atá in iomlán a gcuid sócmhainní agus/nó (ii) an sciar d'iomlán na n-iasachtaí d'earnáil neamhairgeadais phríobháideach na hIorua atá sna hiasachtaí atá tugtha acu don earnáil neamhairgeadais phríobháideach. Liostaítear na critéir sin mar tháscairí roghnacha in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis na treoirlínte ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir leis na critéir chun coinníollacha chur i bhfeidhm Airteagal 131(3) den Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil a chinneadh a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar O-SIInna [3]. I dteannta an dá phríomhchritéar sin, chuir Aireacht Airgeadais na hIorua táscairí sainordaitheacha Threoirlínte ÚBE san áireamh freisin agus a breithiúnas maoirseachta á chur i bhfeidhm aici.

(9) Ós rud é go mbeidh rátaí maolánacha comhcheangailte is mó ná 5 % ann de thoradh an ráta mhaolánaigh 4,5 % um riosca sistéamach agus na rátaí maolánacha O-SII atá beartaithe, an 9 Deireadh Fómhair 2024 chuir BERS tuairim faoi bhráid Bhuanchoiste na Stát CSTE maidir leis an mbeart atá beartaithe.

(10) I dtuairim an 9 Deireadh Fómhair 2024 ó BERS, agus sa Nóta Measúnaithe a ghabhann léi, rinne sé athmhachnamh ar na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu tríd an mbeart atá beartaithe, agus is éard a mheas sé gur ón ról ríthábhachtach atá ag O-SIInna i ngeilleagar na hIorua a eascraíonn na rioscaí is cúis le hathshocrú na maolán O-SII.

---

[3] ÚBE/GL/2014/10.

(11) Tá BERS fós den tuairim gur leibhéal éifeachtach comhréireach, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh, is ea leibhéal na maolán O-SII le cois an ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach. I ndáil leis sin, tá sé curtha san áireamh ag BERS go bhfuil na maoláin O-SII ann le cois an ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach a bhfuil na hinstitiúidí creidmheasa faoina réir cheana. Tugann BERS dá aire go meastar, agus cúinsí mar atá, go bhfuil na rátaí maolánacha carnacha iomchuí agus éifeachtach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaithníodh i gcás gach ceann de na hinstitiúidí creidmheasa a thagann faoi raon feidhme an dá bheart sin. Is é sin le rá, go háirithe, nach bhfuil an chobhsaíocht airgeadais san Iorua thíos le héifeachtaí díobhálacha díréireacha de dheasca na rátaí maolánacha carnacha, agus nach meastar go gcuirfear bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh dá ndeasca ach oiread.

(12) Tugann Buanchoiste na Stát CSTE dá aire freisin gur luaigh BERS, sa Nóta Measúnaithe a ghabhann leis an Tuairim sin, go bhfuil a fhoireann measúnaithe den tuairim go moltar d'údaráis na hIorua faireachán a dhéanamh ar an tionchar a imreoidh na hathruithe rialála atá ar na bacáin ar chomh héifeachtach agus atá na bearta maidir leis an maolán um riosca sistéamach agus na maoláin O-SII.

(13) Tar éis do Bhuanchoiste na Stát CSTE fógra an 29 Lúnasa 2024 ó Aireacht Airgeadais na hIorua a scrúdú, agus an tuairim ó BERS a chur san áireamh, measann sé nach bhfuil córas airgeadais iomlán ná cuid de chóras airgeadais Páirtithe Conarthacha eile in LEE nó LEE ina iomláine, nach bhfuil na nithe sin thíos le héifeachtaí díobhálacha díréireacha a chuirfeadh bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de bhrí gur ann don ráta maolánach O-SII faoinar tugadh fógra i gcás na n-institiúidí creidmheasa lena mbaineann, agus gur ann freisin don ráta maolánach um riosca sistéamach atá i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí agus na hinstitiúidí creidmheasa lena mbaineann.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

**An ráta maolánach um riosca sistéamach agus rátaí maolánacha O-SII**

Údaraítear leis seo d'Aireacht Airgeadais na hIorua rátaí maolánacha O-SII a chur chun feidhme i gcás na n-institiúid creidmheasa seo a leanas, ar rátaí iad a fhágfaidh gur mó ná 5 % den mhéid ábhartha neamhchosanta ar riosca a bheidh i gceist leis an ráta maolánach um riosca sistéamach agus an ráta maolánach O-SII agus iad comhcheangailte, ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ón *24 Deireadh Fómhair 2024* ar aghaidh, ar choinníoll go leanfar ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an ráta mhaolánaigh um riosca sistéamach sin agus rátaí maolánacha O-SII:

| Institiúid creidmheasa | Ráta maolánach um riosca sistéamach agus ráta maolánach O-SII comhcheangailte |
|---|---|
| DNB Bank ASA | 6,5 % |
| Kommunalbanken AS | 5,5 % |
| Nordea Eiendomskreditt AS | 5,5 % |
| Sparebank 1 SR-Bank ASA | 5,5 % |

*Airteagal 2*

**Seolaí**

Is chuig Aireacht Airgeadais na hIorua, Finansdepartementet, Akersgata 40, 0180 Osló, an Iorua, a dhírítear an Cinneadh seo.

*Airteagal 3*

**Foilsiú**

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus i bhForlíonadh LEE a ghabhann léi.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Bhuanchoiste*

*An Cathaoirleach*
Anders H. EIDE

*An tArd-Rúnaí*
Kurt JÄGER